



DÁIL ÉIREANN

Déardaoin, 18 Feabhra, 2010
Thursday, 18th February, 2010

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Déardaoin, 18 Feabhra, 2010
Thursday, 18th February, 2010

10.30 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

- b12.** Tairiscint *maidir le* Róta na nAirí i gcomhair Ceisteanna Parlaiminte.
 Motion *re* Ministerial Rota for Parliamentary Questions.
- 12.** Tairiscint *maidir le* Tiolacadh agus Scaipeadh Mheastacháin Athbheithnithe 2010.
 Motion *re* Presentation and Circulation of Revised Estimates 2010.
- 12a.** An Bille Airgeadais 2010 — Rúin Airgeadais.
 Finance Bill 2010 — Financial Resolutions.
- 12b.** An Bille Airgeadais 2010 — Tairiscint Leithroinnte Ama don Roghchoiste.
 Finance Bill 2010 — Allocation of Time Motion for Select Committee.
- 13.** Tairiscint *maidir leis* an gCoimisinéir Teanga a Athcheapadh [*Arna breithniú ag an gComhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an 17 Feabhra, 2010*].
 Motion *re* Re-appointment of An Coimisinéir Teanga [*Considered by the Joint Committee on Arts, Sport, Tourism, Community, Rural and Gaeltacht Affairs on 17th February, 2010*].
- 23.** An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
 Planning and Development (Amendment) Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).
- 5.** An Bille um Chiste Scoláireachtaí George Mitchell (Leasú) 2010 — Ordú don Dara Céim.
 George Mitchell Scholarship Fund (Amendment) Bill 2010 — Order for Second Stage.
- 4.** An Bille um Thrácht ar Bhóithre 2009 — An Dara Céim (*atógáil*).
 Road Traffic Bill 2009 — Second Stage (*resumed*).

FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
NOTICE OF NEW BUSINESS

- 21b.** Tairiscint *maidir leis* an Togra go dtugann Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um an Leasú Bunreachta maidir le Leanaí dar teideal “*An Tuarascáil Deiridh ar an mBille um an Ochtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2007 - Togra maidir le leasú bunreachta chun cearta leanaí a dhaingniú*”.
 Motion *re* Proposal that Dáil Éireann notes the Report of the Joint Committee on the

Constitutional Amendment on Children entitled “*Final Report on the Twenty-eighth Amendment of the Constitution Bill 2007 - Proposal for a constitutional amendment to strengthen children’s rights*”.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí a thionscnamh : Initiation of Bills

Tíolactha:

Presented:

5. An Bille um Chiste Scoláireachtaí George Mitchell (Leasú) 2010 — Ordú don Dara Céim.

George Mitchell Scholarship Fund (Amendment) Bill 2010 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta um Chiste Scoláireachtaí George Mitchell 1998; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to amend the George Mitchell Scholarship Fund Act 1998; and to provide for related matters.

—*An tAire Oideachais agus Eolaíochta.*

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

b12. “D’ainneoin aon ní i Rún an 14 Meitheamh, 2007, ón Dáil inar leagadh amach an róta ar dá réir a chuirfear Ceisteanna chun comhaltaí den Rialtas, go ndéanfar Ceisteanna le haghaidh freagra ó bhéal, a leanfaidh iad sin is neasa a bheidh curtha síos don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a chur síos d’Airí san ord sealadach seo a leanas:

An tAire Sláinte agus Leanaí

An tAire Oideachais agus Eolaíochta

An Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

An tAire Airgeadais

An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

That, notwithstanding anything in the Resolution of the Dáil of 14th June, 2007, setting out the rota in which Questions to members of the Government are to be asked, Questions for oral answer, following those next set down to the Minister for Communications, Energy and Natural Resources, shall be set down to Ministers in the following temporary sequence:

Minister for Health and Children

Minister for Education and Science

Tánaiste and Minister for Enterprise, Trade and Employment

Minister for Finance

Minister for Agriculture, Fisheries and Food

agus air sin leanfar den ord a bunaíodh le Rún an 14 Meitheamh, 2007, le Ceisteanna chun an Aire Iompair.

whereupon the sequence established by the Resolution of 14th June, 2007, shall continue with Questions to the Minister for Transport.”

—*Pádraig Ó Ciardha, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

12. “D’ainneoin Bhuan-Ordú 154(1) nó (2) de Bhuan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh

That, notwithstanding Standing Order 154(1) or (2) of the Standing Orders of Dáil Éireann

Gnó Phoiblí, go ndéanfar Meastacháin Athbhreithnithe i gcomhair na Seirbhísí Poiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2010, a thíolacadh don Dáil agus a scaipeadh ar na comhaltaí an 18 Feabhra, 2010, ar dáta níos déanaí é ná an dáta a fhorordaítear do thíolacadh Meastachán agus go ndéanfar na Meastacháin Athbhreithnithe a tharchur chuig Roghchoistí de bhun Bhuan-Ordú 154(3) agus mhír (1)(a)(ii) d’Orduithe Tagartha gach Coiste.

relative to Public Business, Revised Estimates for the Public Services for the year ending 31st December, 2010, be presented to the Dáil and circulated to members on 18th February, 2010, being a date later than that prescribed for the presentation of Estimates and that the Revised Estimates be referred to Select Committees pursuant to Standing Order 154(3) and paragraph (1)(a)(ii) of each Committee’s Orders of Reference.”

—*An tAire Airgeadais.*

12a. An Bille Airgeadais 2010 — Rúin Airgeadais.
Finance Bill 2010 — Financial Resolutions.

1. “GO ndéanfar alt 236 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir le faoiseamh ó cháin ioncaim i leith rudaí ealaíne áirithe, de réir na brí a shanntar leis an alt sin, a thabhairt ar iasacht, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 236 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides relief from income tax in respect of the loan of certain art objects within the meaning assigned by that section, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

2. “GO ndéanfar alt 470A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir le faoiseamh i leith prímheanna faoi pholasaithe cúraim fadtéarma cáilitheacha de réir na brí a thugtar leis an alt sin, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 470A of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides relief for premiums under qualifying long-term care policies within the meaning given by that section be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

3. “GO ndéanfar alt 469 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir le faoiseamh i leith costas sláinte, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 469 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides for relief for health expenses, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

4. “GO ndéanfar alt 997A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena rialaítear deonú creidmheasa i leith cánach arna hasbhaint ó dhíolaíochtaí stiúrthóirí áirithe, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 997A of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which governs the granting of credit in respect of tax deducted from emoluments of certain directors, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

5. “GO ndéanfar alt 71 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir le cáin ioncaim is inmhuirearaithe faoi Chás III de Sceideal D a ríomh i leith ioncaim ó urrúis agus sealúchais in aon áit lasmuigh den Stát, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 71 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides for the computation of income tax chargeable under Case III of Schedule D in respect of income arising from securities and possessions in any place outside the State, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

6. “GO ndéanfar alt 477 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir le faoiseamh i leith muirear seirbhíse, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 477 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides for relief for service charges, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

7. “GO ndéanfar alt 216A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir le díolúine ó cháin ioncaim i leith suimeanna iomchuí a eascraíonn as áit chónaithe cháilitheach de réir na brí a thugtar leis an alt sin, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 216A of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides for an exemption from income tax in respect of relevant sums arising from a qualifying residence within the meaning given by that section, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

8. “GO ndéanfar alt 384 den Acht THAT section 384 of the Taxes

Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir leis an modh chun faoiseamh a thabhairt i leith caillteanas faoi Chás V, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides for the method of giving relief for Case V losses, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

9. “GO ndéanfar ailt 784A(1BA) agus 787O den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil, faoi seach, maidir leis an méid sonraithe a ríomh i ndáil le Ciste Scoir Ceadaithe agus maidir leis an teorainn le cistí pinsean cáinfhaoisimh, agus Sceidil 23 agus 23B a ghabhann leis an Acht sin, a bhaineann, faoi seach, le saincheisteanna riaracháin agus nós imeachta maidir le scéimeanna pinsean ceirde agus leis an teorainn le cistí pinsean cáinfhaoisimh, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT sections 784A(1BA) and 787O of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provide, respectively, for the calculation of the specified amount in relation to an Approved Retirement Fund and for the limit on tax relieved pension funds, and Schedules 23 and 23B to that Act, which concern, respectively, administrative and procedural issues relating to occupational pension schemes and the limit on tax relieved pension funds, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

10. “GO ndéanfar alt 128D den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir leis an gcaoi a ndéileálfar ó thaobh cánach le scaireanna srianta a fhaigheann stiúrthóirí agus fostaithe, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 128D of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides for the tax treatment of restricted shares acquired by directors and employees, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

11. “GO ndéanfar Codanna 2 agus 3 de Sceideal 11 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo trí fhoráil a dhéanamh nach gceadóidh na Coimisinéirí Ioncaim scéim brabús-roinnte in imthosca áirithe agus trí thoirmeasc a chur le cineálacha áirithe scaireanna a úsáid i scéim den sórt sin.

THAT Parts 2 and 3 of Schedule 11 to the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution by providing that the Revenue Commissioners will not approve a profit-sharing scheme in certain circumstances and by prohibiting certain types of shares to be used in such a scheme.”

—*An tAire Airgeadais.*

12. “GO ndéanfar alt 409C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena gcuirtear srian leis an bhfaoiseamh atá ar fáil do phearsana aonair áirithe a thabhaíonn caiteachas ar fhoirgnimh cheadaithe, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 409C of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which restricts the relief available to certain individuals who incur expenditure on approved buildings, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

13. “GO ndéanfar Sceideal 13 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), ina bhfuil liosta de na comhlachtaí ar a gceanglaítear cáin iarchoimeáda seirbhísí gairmiúla a oibriú, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT Schedule 13 to the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which contains a list of the bodies that are required to operate professional services withholding tax, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

14. “GO ndéanfar Caibidil 2A de Chuid 15 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir le teorannú ar mhéid faoiseamh áirithe arna n-úsáid ag pearsana aonair áirithe atá ar ard-ioncam, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT Chapter 2A of Part 15 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides for the limitation on the amount of certain reliefs used by certain high income individuals, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

15. “GO ndéanfar Cuid 22 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir le cánachas ar bhrabúis nó gnóchain ó dhéileáil i dtalamh nó ó fhorbairt talún nó ó dhiúscairtí talún forbraíochta, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT Part 22 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides for the taxation of profits or gains from dealing in or developing land or disposals of development land, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

16. “GO ndéanfar alt 843A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997) a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo chun foráil a dhéanamh maidir le foirceannadh na scéime liúntas caipitiúil i leith caiteachais arna thabhu ar fhoirgníú, ar athchóiriú nó ar athfheistiú foirgneamh nó déanamhas a úsáidtear chun saoráidí áirithe cúraim leanaí a chur ar fáil.

THAT section 843A of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997) be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution to provide for the termination of the scheme of capital allowances in respect of expenditure incurred on the construction, conversion or refurbishment of buildings or structures that are used for the provision of certain childcare facilities.”

—*An tAire Airgeadais.*

17. “GO ndéanfar san Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997) alt 175, a bhaineann le híocaíochtaí arna ndéanamh ag cuideachta luaite ar í d’fhuascailt, d’aisiúc nó do cheannach a scaireanna féin, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT in the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997) section 175 which deals with payments made by a quoted company on the redemption, repayment or purchase of its own shares be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

18. “GO ndéanfar Caibidil 3 de Chuid 3 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena dtugtar rialacha maidir le cánachas ar urrúis áirithe rialtais agus ar urrúis phoiblí eile, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT Chapter 3 of Part 3 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides rules for the taxation of certain government and other public securities be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

19. “GO ndéanfar alt 299 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena dtugtar rialacha maidir le léasaithe d’éileamh liúntais caithimh agus cuimilte, a leasú trí fhorálacha a dhéanamh lena gcuirfear srian ar éilimh den sórt sin ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 299 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides rules for the claiming of wear and tear allowances by lessees be amended by making provisions restricting such claims in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

20. “GO ndéanfar Caibidil 4 de Chuid 8 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena dtugtar rialacha maidir le cáin a asbhaint as íocaíochtaí úis taisce, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT Chapter 4 of Part 8 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides rules for the deduction of tax from deposit interest payments be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

21. “GO ndéanfar alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), a bhaineann le faoiseamh i leith infheistíochta i scannáin, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 481 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which deals with relief for investment in films, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

22. “GO ndéanfar an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), a leasú trí rialacha a thabhairt maidir le cánachas ar idirbhearta airgeadais sonraithe ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997) be amended by providing rules for the taxation of specified financial transactions in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

23. “GO ndéanfar ailt 198 agus 246 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndeonaítear díolúintí ó cháin ioncaim i ndáil le híocaíochtaí úis arna ndéanamh le cuideachta a chónaíonn i gcríoch íomchuí, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT sections 198 and 246 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which grant exemptions from income tax in relation to payments of interest made to a company resident in a relevant territory, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

24. “GO ndéanfar alt 71 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), agus Sceideal 24 a ghabhann leis an Acht sin, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo chun rialacha nua a thabhairt

THAT section 71 of, and Schedule 24 to, the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution to provide new rules for quantifying the amount of foreign income to

chun an méid ioncaim coigríche a bheidh le muirearú i leith cánach agus an méid faoisimh creidmheasa a bheidh ar fáil i leith cánach coigríche a fulaingíodh ar an ioncam sin a chainníochtú.

be charged to tax and the amount of credit relief available in respect of foreign tax suffered on that income.”

—*An tAire Airgeadais.*

25. “GO ndéanfar an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997) a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo trí Chuid 35A a chur isteach chun rialacha a thabhairt maidir le praghsáil aistriithe.

THAT the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution by inserting Part 35A to provide rules on transfer pricing.”

—*An tAire Airgeadais.*

26. “GO ndéanfar san Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997) ailt 288, 291 agus 291A, a bhaineann leis an scéim maidir le faoiseamh i leith caiteachais chaipitiúil ar shócmhainní doláimhsithe ag cuideachtaí a mhodhnú, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT in the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997) sections 288, 291 and 291A, which relate to the modification of the scheme for relief for capital expenditure on intangible assets by companies, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

27. “GO ndéanfar alt 486C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena dtugtar faoiseamh ó cháin chorparáide do chuideachtaí nua-thionscanta áirithe, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 486C of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides relief from corporation tax for certain start-up companies, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

28. “GO ndéanfar Caibidil 1 de Chuid 6 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), a bhaineann le cánachas ar dháiltí cuideachtaí, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo, trí fhoráil a dhéanamh maidir le díolúine a dhiúltú i leith díbhinní a fhaigheann cuideachtaí Éireannacha in imthosca áirithe.

THAT Chapter 1 of Part 6 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which deals with the taxation of company distributions be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution, by providing for the denial of exemption to dividends received by Irish companies in certain circumstances.”

—*An tAire Airgeadais.*

29. “GO ndéanfar alt 80A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena dtugtar rialacha maidir le cánachas ar léasanna áirithe, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 80A of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides rules for the taxation of certain leases be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

30. “GO ndéanfar alt 402 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir le rialacha chun liúntais chaipitiúla agus cailteanais cuideachta trádála a ríomh, a leasú tríd an déileáil seo a leathnú chuig cuideachtaí áirithe eile ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 402 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides rules for the computation of capital allowances and losses of a trading company be amended by extending this treatment to certain other companies in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

31. “GO ndéanfar alt 766 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), a dhéileáil le creidmheasanna cánach le haghaidh caiteachais ar thaighde agus forbairt, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 766 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which deals with tax credits for research and development expenditure, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

32. “GO ndéanfar alt 542 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), a bhaineann le tráth diúscartha agus fála sócmhainne, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 542 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which relates to the time of disposal and acquisition of an asset, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

33. “GO ndéanfar alt 598 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndeonaítear faoiseamh ó cháin ghnóchan caipitiúil i leith diúscairtí sócmhainní gnó agus feirmeoireachta ar scor, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 598 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which grants relief from capital gains tax for disposals of business and farming assets on retirement, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

34. “GO ndéanfar Caibidil 2 de Chuid 19 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), a bhaineann le gnóchain inmhuirearaithe agus caillteanais inlamhála a ríomh, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT Chapter 2 of Part 19 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which relates to the computation of chargeable gains and allowable losses, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

35. “GO ndéanfar alt 607 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndeonaítear díolúine ó cháin ghnóchan caipitiúil do dhiúscairtí urrús Rialtais agus urrús áirithe eile, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 607 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which grants an exemption from capital gains tax to disposals of Government and certain other securities, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

36. “GO ndéanfar alt 611 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndeonaítear díolúine ó cháin ghnóchan caipitiúil do dhiúscairtí chun an Stáit, chun comhlachtaí poiblí áirithe agus chun carthanas, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 611 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which grants an exemption from capital gains tax to disposals to the State, certain public bodies and charities, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

37. “GO ndéanfar alt 958 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), a bhaineann leis an dáta le cáin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ghnóchan caipitiúil a íoc, a leasú ar an modh

THAT section 958 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which relates to the date of payment of income tax, corporation tax and capital gains tax, be amended in the manner and to the

agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

38. “GO ndéanfar alt 96 den Acht Airgeadais 1999 (Uimh. 2 de 1999), agus Sceidil 2 agus 2A a ghabhann leis an Acht sin, lena ndéantar foráil maidir le rátaí cánach ola mianra, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 96 of the Finance Act 1999 (No. 2 of 1999), and Schedules 2 and 2A to that Act, which provide for the rates of mineral oil tax, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

39. “GO ndéanfar alt 98 den Acht Airgeadais 1999 (Uimh. 2 de 1999), lena ndéantar foráil maidir le faoiseamh ó cháin ola mianra d’ola throm nó do ghás peitríliam leachtaithe a úsáidtear le haghaidh táirgeachta gortóireachta i dteach gloine, nó le haghaidh muisiriúin a shaothrú, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 98 of the Finance Act 1999 (No. 2 of 1999), which provides for a relief from mineral oil tax for heavy oil or liquefied petroleum gas used for horticultural production in a glasshouse, or for the cultivation of mushrooms, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

40. “GO ndéanfar foráil san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo chun dleacht mháil, ar a dtabharfar cáin charbóin ar ghás nádúrtha, a fhorchur de réir fhorálacha an Achta sin ar ghás nádúrtha arna sholáthar sa Stát do thomhaltóirí.

THAT provision be made in the Act giving effect to this Resolution for imposing a duty of excise, to be known as natural gas carbon tax, in accordance with the provisions of that Act, on natural gas supplied in the State to consumers.”

—*An tAire Airgeadais.*

41. “GO ndéanfar foráil san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo chun dleacht mháil, ar a dtabharfar cáin charbóin ar bhreosla soladach, a fhorchur de réir fhorálacha an Achta sin ar bhreosla soladach arna sholáthar sa Stát ag soláthraithe atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim.

THAT provision be made in the Act giving effect to this Resolution for imposing a duty of excise, to be known as solid fuel carbon tax, in accordance with the provisions of that Act, on solid fuel supplied in the State by suppliers registered with the Revenue Commissioners.”

—*An tAire Airgeadais.*

42. “GO ndéanfar alt 99 den Acht Airgeadais 2001 (Uimh. 7 de 2001), lena ndéantar foráil maidir le dliteanas daoine áirithe i leith dleachta máil, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 99 of the Finance Act 2001 (No. 7 of 2001), which provides for the liability of certain persons to excise duty, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

43. “GO ndéanfar alt 130 den Acht Airgeadais 1992 (Uimh. 9 de 1992), lena ndéantar foráil maidir le léiriú ar Chaibidil IV (feithiclí a chlárú agus cánachas ar fheithiclí) den Acht sin, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 130 of the Finance Act 1992 (No. 9 of 1992), which provides interpretation for Chapter IV (registration and taxation of vehicles) of that Act, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

44. “GO ndéanfar, san Acht Cánach Breisluacha 1972 (Uimh. 22 de 1972)—

THAT in the Value-Added Tax Act 1972 (No. 22 of 1972)—

(a) alt 4B, a bhaineann le soláthairtí earraí dochorraithe, a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le rogha chomhpháirteach cánachais ar dhíol maoin a bheadh díolmhaithe thairis sin i gcásanna ina ndearnadh an mhaoin a athshealbhú,

(a) section 4B, which relates to the supplies of immovable goods, be amended to provide a joint option for taxation of the sale of a property that would otherwise be exempt in situations where the property has been repossessed,

(b) alt 8, a bhaineann le daoine cuntasacha, a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le cánachas ar ghníomhaíochtaí áirithe de chuid an Stáit agus comhlachtaí poiblí,

(b) section 8, which relates to accountable persons, be amended to provide for the taxation of certain activities of the State and public bodies,

(c) alt 10, a bhaineann leis an méid ar ar inmhuirir cáin, a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le cánachas ar chártaí teileafóin an tráth a úsáidtear an cárta sin chun earraí nó seirbhísí a cheannach seachas an tráth a cheannaítear an cárta,

(c) section 10, which relates to the amount on which tax is chargeable, be amended to provide for the taxation of telephone cards at the time that card is used to purchase goods or services rather than at the time the card is purchased,

(d) alt 13, a bhaineann le loghadh cánach ar earraí a onnmhairítear, etc., a leasú chun na coinníollacha a leagtar amach sa dlí a neartú agus chun foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag rátáil nialais mura gcomhlíontar na coinníollacha sin,

(d) section 13, which relates to the remission of tax on goods exported, etc. be amended to strengthen the conditions set out in the law and provide that zero-rating does not apply if those conditions are not complied with,

(e) alt 15, a bhaineann le cáin a mhuirearú ar

(e) section 15, which relates to the charge of

earraí allmhairithe, a leasú chun foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag rátaíl nialais maidir le hearraí a allmhairiú atá le cur chuig Ballstát eile mura soláthraíonn an t-allmhaireoir faisnéis áirithe do na Coimisinéirí Ioncaim tráth an allmhairithe,

- (f) Sceideal 1, a bhaineann le gníomhaíochtaí díolmhaithe, a leasú chun an díolúine i leith seirbhísí poist poiblí a shrianadh trí chonarthaí arna gcaibidil ar leithligh a eisiamh,

agus go ndéanfar gach leasú díobh sin ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

tax on imported goods, be amended to provide that zero-rating does not apply to the importation of goods that are destined for another Member State unless the importer at the time of importation provides certain information to the Revenue Commissioners,

- (f) Schedule 1, which relates to exempted activities, be amended to restrict the exemption for public postal services by excluding contracts that are individually negotiated,

and that each such amendment be made in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

45. “GO ndéanfar alt 41 den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 (Uimh. 31 de 1999), lena gcinntear an tslí ina ndéanfar tíolacas i gcomaoin féich a mhuirearú, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 41 of the Stamp Duties Consolidation Act 1999 (No. 31 of 1999), which determines how a conveyance in consideration of debt is to be charged to stamp duty, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

46. “GO ndéanfar alt 124B den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 (Uimh. 31 de 1999), lena bhforchuirtear tobhach ar phréimheanna árachais saoil áirithe, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 124B of the Stamp Duties Consolidation Act 1999 (No. 31 of 1999), which imposes a levy on certain life insurance premiums, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

47. “GO ndéanfar alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 (Uimh. 31 de 1999), lena bhforchuirtear tobhach ar árachóirí sláinte, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 125A of the Stamp Duties Consolidation Act 1999 (No. 31 of 1999), which imposes a levy on health insurers, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

48. “GO ndéanfar alt 57 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 (Uimh. 1 de 2003), lena bhforchuirtear teorainn ama i ndáil le haisíoc cánach a róíocadh a éileamh, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 57 of the Capital Acquisitions Tax Consolidation Act 2003 (No. 1 of 2003), which imposes a time limit in relation to claiming a repayment of tax that has been overpaid, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

49. “GO ndéanfar alt 89 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 (Uimh. 1 de 2003), lena ndeonaítear faoiseamh i leith maoinne talmhaíochta a ghlacann pearsana aonair áirithe, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 89 of the Capital Acquisitions Tax Consolidation Act 2003 (No. 1 of 2003), which grants relief in respect of agricultural property which is taken by certain individuals, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

50. “GO ndéanfar Codanna 6 agus 7 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003 (Uimh. 1 de 2003), a bhaineann, faoi seach, le tuairisceáin agus measúnachtaí agus le cáin, ús agus pionóis a íoc agus a ghnóthú, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT Parts 6 and 7 of the Capital Acquisitions Tax Consolidation Act 2003 (No. 1 of 2003), which relate to returns and assessments and the payment and recovery of tax, interest and penalties respectively, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

51. “GO ndéanfar an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar na hachtacháin a bhaineann le cáin ioncaim, cáin chorparáide agus cáin ghnóchan caipitiúil a chomhdhlúthú, lena n-áirítear achtacháin áirithe a bhaineann freisin le cánacha agus dleachtanna eile, a leasú, ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo, chun go mbeidh tobhach ar áireamh ann ar a dtabharfar ‘tobhach sainchónaithe’.

THAT the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which consolidates the enactments relating to income tax, corporation tax and capital gains tax, including certain enactments relating also to other taxes and duties, be amended to include a levy to be known as ‘domicile levy’ in the manner and to the extent giving effect to this Resolution.”

—*An tAire Airgeadais.*

52. “GO ndéanfar alt 825 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Uimh. 39 de 1997), lena ndéantar foráil maidir leis an gcaoi a ndéileálfar ó thaobh cánach le cónaí daoine a thugann maoin don Stát, a leasú ar an modh agus a mhéid a shonrófar san Acht lena dtabharfar éifeacht don Rún seo.

THAT section 825 of the Taxes Consolidation Act 1997 (No. 39 of 1997), which provides for the tax residence treatment of donors of property to the State, be amended in the manner and to the extent specified in the Act giving effect to this Resolution.”

—An tAire Airgeadais.

12b. “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe:

That, notwithstanding anything in Standing Orders:

(1) Go ndéanfar na himeachtaí sa Roghchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí ar an mBille Airgeadais 2010 a thabhairt chun críche de réir an chláir ama seo a leanas:-

(1) The proceedings in the Select Committee on Finance and the Public Service on the Finance Bill 2010 shall be brought to a conclusion in accordance with the following timetable:-

<i>Dáta:</i>	<i>Imeachtaí:</i>	<i>Le críochnú tráth nach déanaí ná:</i>	<i>Date:</i>	<i>Proceedings:</i>	<i>To conclude not later than:</i>
Dé Máirt, 23 Feabhra	Caibidlí 1, 2, agus 3 de Chuid 1 (ailt 1 go 22)	5.30 p.m.	Tuesday, 23rd February	Chapters 1, 2, and 3 of Part 1 (sections 1 to 22)	5.30 p.m.
	Caibidil 4 de Chuid 1 (ailt 23 go 38)	8 p.m.		Chapter 4 of Part 1 (sections 23 to 38)	8 p.m.
Dé Céadaoin, 24 Feabhra	Caibidlí 5 agus 6 de Chuid 1 (ailt 39 go 59)	1 p.m.	Wednesday, 24th February	Chapters 5 and 6 of Part 1 (sections 39 to 59)	1 p.m.
	Caibidlí 1, 2, 3 agus 4 de Chuid 2 (ailt 60 go 106)	5.30 p.m.		Chapters 1, 2, 3 and 4 of Part 2 (sections 60 to 106)	5.30 p.m.
	Cuid 3 (ailt 107 go 126)	8 p.m.		Part 3 (sections 107 to 126)	8 p.m.
Déardaoin, 25 Feabhra	Cuid 4, 5 agus 6 (ailt 127 go 155), Sceidil 1 go 4 agus an Teideal.	1 p.m.	Thursday, 25th February	Parts 4, 5 and 6 (sections 127 to 155), Schedules 1 to 4 and the Title.	1 p.m.

agus i gcás nach mbeidh na himeachtaí críochnaithe faoin am atá luaite, go ndéanfar iad a thabhairt chun críche le Ceist amháin, a chuirfear ón gCathaoir, agus nach bhfolóidh, i ndáil le leasuithe, ach leasuithe a bheidh curtha síos nó a mbeidh glactha leo ag an Aire Airgeadais nó ag Aire Stáit, arna ainmniú nó arna hainmniú mar ionadaí thar a cheann, agus go ndéanfaidh an Cheist na leasuithe uile a bheidh dírithe ar an gCuid den Bhille dá dtagraíonn siad a chur de láimh.

and where proceedings have not concluded by the stated time, they shall be brought to a conclusion by one Question, which shall be put from the Chair, and which shall, in relation to amendments, include only those set down or accepted by the Minister for Finance or a Minister of State, nominated as substitute on his behalf, and the Question shall dispose of all amendments addressed to the Part of the Bill to which they refer.

(2) I gcás go ndéanfar vótáil a éileamh ar na himeachtaí ar an mBille Airgeadais 2010, sa Roghchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí, ach amháin ar Cheist arna cur mar a fhoráiltear de réir mhír (1), go gcuirfear tógáil na vótála sin agus cur aon Cheiste a bheidh ag brath uirthi siar go dtí-

(a) díreach roimh an gcéad tráth eile a cheapfar chun Ceist a chur de réir mhír (1), nó

(b) i gcás nach gcuirfear an Cheist sin, tráth a bheidh imeachtaí i gCoiste ar na nithe a bheadh arna gcinneadh tríd an gCeist sin a chur arna gcríochnú ar shlí eile.

(3) Go ndéanfaidh an Roghchoiste, de réir Bhuan-Ordú 87, teachtaireacht a chur chuig an Dáil, tráth nach déanaí ná an 25 Feabhra, 2010, i ndáil le críochnú a bhreithnithe ar an mBille Airgeadais 2010.

(2) Where a division is claimed on the proceedings on the Finance Bill 2010, in the Select Committee on Finance and the Public Service, other than on a Question put as provided for in accordance with paragraph (1), the taking of such division and the putting of any Question contingent thereon shall be postponed until-

(a) immediately before the time next appointed for the putting of a Question in accordance with paragraph (1), or

(b) in the event of such Question not being put, when proceedings in Committee on the matters which would have been decided by the putting of such Question have been otherwise completed.

(3) The Select Committee shall, in accordance with Standing Order 87, send a message to the Dáil in relation to the completion of its consideration of the Finance Bill 2010, not later than 25th February, 2010."

—*An tAire Airgeadais.*

13. “Go molann Dáil Éireann an tUasal Seán Ó Cuirreáin lena athcheapadh ag an Uachtarán ina Choimisinéir Teanga.

That Dáil Éireann recommends Mr Seán Ó Cuirreáin for re-appointment by the President to be *An Coimisinéir Teanga.*”

—*An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltacha.*

21b. “Go dtugann Dáil Éireann dá haire an Tuarascáil ón gComhchoiste um an Leasú Bunreacht maidir le Leanaí dar teideal ‘*An Tuarascáil Deiridh ar an mBille um an Ochtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2007 - Togra maidir le leasú bunreacht chun cearta leanaí a dhaingniú*’ a leagadh faoi bhraíd Dháil Éireann an 16 Feabhra, 2010.

That Dáil Éireann notes the Report of the Joint Committee on the Constitutional Amendment on Children entitled ‘*Final Report on the Twenty-eighth Amendment of the Constitution Bill 2007 - Proposal for a constitutional amendment to strengthen children’s rights*’ which was laid before Dáil Éireann on 16th February, 2010.”

—*Mary O'Rourke, Chairperson of the Committee*
[18 February, 2010]

4. An Bille um Thrácht ar Bhóithre 2009 — An Dara Céim (*atógáil*).
Road Traffic Bill 2009 — Second Stage (*resumed*).

23. An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Planning and Development (Amendment) Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

TEACHTAIREACHTAÍ ÓN RIALTAS
MESSAGES FROM THE GOVERNMENT

Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí, 2010:
Estimates for Public Services, 2010:

For the purposes of Article 17.2 of the Constitution, the Government recommend that a sum not exceeding €46,315,380,000 be granted out of the moneys provided by the Oireachtas to defray the charges which will come in course of payment during the year ending on 31 December 2010 for Public Services.

Given on this 16th day of February, 2010

(Signed) Brian Cowen,
An Taoiseach.

An Bille um Chiste Scoláireachtaí George Mitchell (Leasú) 2010.
George Mitchell Scholarship Fund (Amendment) Bill 2010.

For the purpose of Article 17.2 of the Constitution, the Government recommend that it is expedient to authorise such payments out of moneys provided by the Oireachtas as are necessary to give effect to any Act of the present session to amend the George Mitchell Scholarship Fund Act 1998; and to provide for related matters.

Given on this 17th day of February, 2010

(Signed) Brian Cowen,
An Taoiseach.

MEMORANDA

Déardaoin, 18 Feabhra, 2010
Thursday, 18th February, 2010

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 10 a.m.

An Bille Uchtála 2009:
Adoption Bill 2009:

Cruinniú den Roghchoiste um Shláinte agus Leanáil i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 11 a.m.

Meeting of the Select Committee on Health and Children in Committee Room 3, LH2000, at 11 a.m.

SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

Reachtúil:

1) An Roinn Cosanta. Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú) 2002. Tuarascáil Leathbhliantúil - Uachtaránacht na Sualainne, 1 Iúil – 31 Nollaig, 2009.

2) An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Tuarascáil Leathbhliantúil maidir le Forbairtí san AE, Iúil - Nollaig, 2009.

Neamhreachtúil:

1) An tOrdú um Lárionad Leanaí agus Ógánach Fhionnghlaise (Scoil Choinneála Leanaí) (Alt 163(1)) 2010 (I.R. Uimh. 46 de 2010).

2) Dáil Éireann. An Coiste um Chuntais Poiblí. An Chéad Tuarascáil Eatramhach maidir le Cánacha a Chailleadh mar gheall ar Dhliteanas Teoranta a Mhí-Úsáid. Feabhra, 2010.

Statutory:

1) Department of Defence. European Union (Scrutiny) Act 2002. Six-Monthly Report - Swedish Presidency, 1 July - 31 December, 2009.

2) Department of Agriculture, Fisheries and Food. Six-Monthly Report on Developments in the EU, July - December, 2009.

Non-Statutory:

1) Finglas Child and Adolescent Centre (Children Detention School) (Secton 163(1)) Order 2010 (S.I. No. 46 of 2010).

2) Dáil Éireann. Committee of Public Accounts. First Interim Report on the Loss of Fiduciary Taxes arising from abuse of Limited Liability. February, 2010.